Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15730/23**

**LIMITE**

**CORLX 1065**
**CFSP/PESC 1570**
**CONOP 127**
**CONUN 293**
**COARM 306**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/732 ón gComhairle chun tacú le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch nó tocsaineach |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/732 ón gComhairle chun tacú le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch nó tocsaineach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Meitheamh 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/732[1], lena bhforáiltear do thréimhse 36 mhí, dar tús dáta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin, maidir le cur chun feidhme na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin ('an tréimhse cur chun feidhme').

(2) Bhí deireadh le teacht leis an tréimhse cur chun feidhme an 14 Nollaig 2023.

(3) An 22 Meán Fómhair 2023, d'iarr Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2020/732, síneadh gan chostas 13 mhí a chur leis an tréimhse cur chun feidhme.

(4) Maidir leis an síneadh arna chur leis an tréimhse cur chun feidhme go dtí an 14 Eanáir 2025, níl aon impleachtaí aige sin a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/732 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2020/732 ón gComhairle an 2 Meitheamh 2020 chun tacú le Sásra Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe um imscrúdú ar úsáid líomhnaithe arm ceimiceach agus bitheolaíoch nó tocsaineach (IO L 172 I, 3.6.2020, lch. 5).

*Airteagal 1*

In Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2020/732, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 14 Eanáir 2025.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC